Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0324(NLE)**

**13191/23**
**ADD 1**

**COEST 520**
**POLCOM 203**
**FISC 199**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 536 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn XXII a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 536 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 536 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.9.2023
COM(2023) 536 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn XXII a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais**

# IARSCRÍBHINN

## CINNEADH UIMH. .../2023 ÓN gCOMHAIRLE COMHLACHAIS IDIR AN tAONTAS AGUS AN tSEOIRSIA

**lena leasaítear Iarscríbhinn XXII a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile**

TÁ AN CHOMHAIRLE COMHLACHAIS IDIR AN tAONTAS AGUS AN tSEOIRSIA,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 406 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Comhlachais (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, síníodh é an 16 Meitheamh 2014 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2016.

(2) Aithnítear sa Bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú tiomantas na Seoirsia maidir lena reachtaíocht a chomhfhogasú in earnálacha ábhartha de réir a chéile do reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis an gComhaontú sin agus chun é a chur chun feidhme go héifeachtach. Aithníodh freisin sa Bhrollach tiomantas na bPáirtithe prionsabail na forbartha inbhuanaithe a urramú, an comhshaol a chosaint agus an t-athrú aeráide a mhaolú, rialachas comhshaoil a fheabhsú go leanúnach agus riachtanais chomhshaoil a chomhlíonadh, lena n-áirítear comhar trasteorann agus cur chur chun feidhme comhaontuithe iltaobhacha idirnáisiúnta, chomh maith lena dtoilteanas feabhas a chur ar leibhéal na sábháilteachta sláinte poiblí agus ar chosaint sláinte an duine mar ghné fhíor-riachtanach don fhorbairt inbhuanaithe agus don fhás eacnamaíoch. Chuir na Páirtithe in iúl gur mheas siad go gcruthófar leis an gComhaontú timpeallacht nua don chaidreamh eacnamaíoch idir na Páirtithe agus thar aon ní eile d'fhorbairt na trádála agus na hinfheistíochta, agus go spreagfar iomaíocht leis, ar tosca iad atá ríthábhachtach maidir le hathstruchtúrú agus nuachóiriú eacnamaíoch.

(3) In Airteagal 1 den Chomhaontú, déantar tagairt don chuspóir tacú le hiarrachtaí na Seoirsia a hacmhainn eacnamaíoch a fhorbairt trí chomhar idirnáisiúnta, lena n-áirítear a reachtaíocht a chomhfhogasú do reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

(4) Leagtar amach le hAirteagal 283 den Chomhaontú go bhforbróidh na Páirtithe an comhar atá eatarthu agus go gcomhchuibheoidh siad beartais maidir le gníomhú agus comhrac in aghaidh na calaoise agus smuigleáil táirgí inmháil. Áireofar sa chomhar seo, *inter alia*, rátaí máil ar tháirgí tobac a chomhfhogasú de réir a chéile, a mhéid is féidir, agus na srianta a bhaineann leis an gcomhthéacs réigiúnach á gcur san áireamh, agus i gcomhréir le Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Sláinte Domhanda um Rialú Tobac.

(5) Leagtar amach le hAirteagal 285 den Chomhaontú go ndéanfaidh an tSeoirsia a cuid reachtaíochta a chomhfhogasú do ghníomhartha an Aontais Eorpaigh agus d'ionstraim idirnáisiúnta dá dtagraítear in Iarscríbhinn XXII a ghabhann leis an gComhaontú seo i gcomhréir leis na forálacha san Iarscríbhinn sin.

(6) De bhun Airteagal 406(1) agus Airteagal 406(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais cinntí a ghlacadh, chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach. Go sonrach, féadfaidh sí na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta nó a leasú, agus forbairt dhlí an Aontais á cur san áireamh, mar aon leis na caighdeáin is infheidhme a leagtar amach in ionstraimí idirnáisiúnta a mheasann na Páirtithe a bheith ábhartha.

(7) Dá bhrí sin, tá an Chomhairle Comhlachais le hIarscríbhinn XXII a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I gcomhréir le hIarscríbhinn XXII a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia chomh maith le Treoir 2011/64/AE ón gComhairle an 21 Meitheamh 2011 maidir le struchtúr agus rátaí dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe, faoi dheireadh na bliana 2026 ní bheidh an dleacht mháil fhoriomlán (nach mór comhpháirt shonrach ar fiú idir 7,5 % agus 76,5 % den mhuirir cánach iomlán é a bheith inti - arna shloinneadh mar mhéid seasta in aghaidh an 1 000 toitín, agus nach mór comhpháirt *ad valorem* a bheith inti - arna shloinneadh mar chéatadán den uasphraghas miondíola) sa tSeoirsia níos lú ná EUR 90 in aghaidh an 1 000 toitín ná níos lú ná 60 % den mheánphraghas miondíola ualaithe. Áiritheoidh an tSeoirsia go mbainfear an spriocráta dleachta máil amach tríd an ráta a mhéadú de réir a chéile go dtí 2026.

*Airteagal 2*

I gcomhréir le hIarscríbhinn XXII a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia chomh maith le Treoir 2011/64/AE ón gComhairle an 21 Meitheamh 2011 maidir le struchtúr agus rátaí dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe, faoi dheireadh na bliana 2026 ní bheidh an dleacht mháil fhoriomlán (dleacht shonrach agus dleacht *ad valorem* de réir mar is iomchuí) sa tSeoirsia níos lú ná 5 % den phraghas miondíola nó EUR 12 in aghaidh an 1 000 mír nó in aghaidh an chileagraim do thodóga agus do thodóigíní, 50 % den mheánphraghas miondíola ualaithe nó EUR 60 in aghaidh an chileagraim do thobac mínghearrtha lena chaitheamh atá beartaithe le haghaidh toitíní a rolladh, 20 % den phraghas miondíola nó EUR 22 in aghaidh an chileagraim le haghaidh tobac eile lena chaitheamh. Áiritheoidh an tSeoirsia go mbainfear na spriocrátaí dleachta máil amach trí na rátaí a mhéadú de réir a chéile go dtí 2026.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle Comhlachais*
*An Cathaoirleach*